Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10745 — EMIL FREY / FCA CENTRAL AND EASTERN EUROPE / FIAT CHRYSLER AUTOMOBILES CR / FIAT CHRYSLER AUTOMOBILES SR)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 255/09)

1. An 27 Meitheamh 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Emil Frey Automobil s.r.o (an tSlóvaic), (ii) Emil Frey Automobil s.r.o. (Poblacht na Seice) agus (iii) Emil Frey Automobil Holding Kft. (an Ungáir), iad go léir faoi rialú Emil Frey Holding AG (an Eilvéis). Is iad Emil Frey Holding AG agus a fhochuideachtaí le chéile Emil Frey Group ("Emil Frey Group"),

— Fiat Chrysler Automobiles SR, s.r.o. (an tSlóvaic) (ii) Fiat Chrysler Automobiles ČR s.r.o. (Poblacht na Seice), (iii) FCA Central and Eastern Europe Ltd. (an Ungáir) (dá ngairtear le chéile na "Sprioc-chuideachtaí"), faoi rialú FCA Italy S.p.A., ar leis an ngrúpa Stellantis é.

Gheobhaidh Emil Frey Group rialú ar na Sprioc-chuideachtaí ina n-iomláine de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is imreoir domhanda é Emil Frey Group i ndáileadh gluaisteán. Is allmhaireoir agus dáileoir Emil Frey cheana féin maidir leis na brandaí Stellantis a leanas: Citroën, DS, Peugeot, Opel i bPoblacht na Seice agus sa tSlóvaic agus maidir leis na brandaí Stellantis a leanas: Citroën, Peugeot, agus DS san Ungáir,

— Is é croí-ghnó na Sprioc-chuideachtaí dáileadh mórdhíola feithiclí nua, gabhálas, páirteanna spártha mar aon le tacaíocht iardhíola le haghaidh na mbrandaí Stellantis seo a leanas: Alfa Romeo, Fiat, Fiat Professional (LCVs), Jeep agus Abarth i bPoblacht na Seice, san Ungáir agus sa tSlóvaic.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10745 – EMIL FREY / FCA CENTRAL AND EASTERN EUROPE / FIAT CHRYSLER AUTOMOBILES CR / FIAT CHRYSLER AUTOMOBILES SR

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").